# 13 Forbairt Córas TFC ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**13.1** Soláthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (an Roinn) teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) do mhórán réimsí feidhme agus gníomhaireachtaí laistigh de ghrúpa a Vóta. Tugann an Rannán TFC tacaíocht ar bhonn seirbhísí comhroinnte do bhreis is 3,000 úsáideoir i mbreis is 70 suíomh ar fud an ghrúpa.

**13.2** Idir 2012 agus 2016, i measc na dtionscadal TFC a rinne an Roinn ar son gníomhaireachtaí bhí

- córas bainistíochta cáis agus fo-fhorbairtí do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
- córas tuairiscithe agus cláraithe agus fo-fhorbairtí don Údarás Rialála Carthanas
- córas um athnuachan ceadúnais ar líne don Údarás Slándála Príobháidí.

Cuntas ar na tionscadail mar atá siad leagtha amach i bhFíor 13.1.

**Fíor 13.1 Liosta de ghníomhaireachtaí agus príomhghnéithe tionscadail TFC**

| Gníomhaireacht | Príomhghnéithe tionscadail TFC |
|---|---|
| **Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann** — arna bunú mar ghníomhaireacht reachtúil in 2013 chun cabhrú le féichiúnaithe a bhfiacha a réiteach. | Córas bainistíochta cáis chun feidhmchláir bainistithe fiacha do dhuine aonair a phróiseáil; córas clárúcháin ar líne, údarú agus bainistiú Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Idirghabhálaithe Údaraithe; comhéadan bogearraí tríú páirtí do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Idirghabhálaithe Údaraithe; dhá ghréasán nua; comhéadan le córais na gCúirteanna; marglann sonraí agus córais tuairiscithe feabhsaithe. |
| **An tÚdarás Rialála Carthanas** — arna bhunú in 2014 mar rialálaí reachtúil neamhspleách ar charthanais. | Córas tuairiscithe agus clárúcháin ar líne do charthanais; clár ar líne le haghaidh cuardach poiblí; dhá shuíomh gréasáin nua; foirmeacha ar líne chun imní a chur in iúl nó ceist a chur. |
| **An tÚdarás Slándála Príobháidí** — arna bhunú mar ghníomhaireacht reachtúil in 2004 chun tionscal na slándála príobháidí a rialáil. | Córas ar líne do chuideachtaí agus daoine aonair chun ceadúnais slándála a athnuachan. |

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**13.3** Mar atá leagtha amach i bhFíor 13.2, thabhaigh an Roinn costais tionscadail dhíreacha de thart ar €4.6 milliún go deireadh Mhárta 2017 ar chonraitheoirí seachtracha amhail forbróirí agus anailísithe córas.[1] Íocadh an caiteachas sin as buiséid TFC laistigh de leithdháilte fo-cheannteidil neamhphá faoi seach na dtrí ghníomhaireacht.

1 Gan costas na foirne intí a chur san áireamh. Forbraíodh na tionscadail seo laistigh den bhonneagar agus de na bogearraí a bhí ann cheana, ionas nár tabhaíodh aon chaiteachas ina leith.

**Fíor 13.2 Costais dhíreacha tionscadail TFC a tabhaíodh, amhail i Márta 2017**

| Gníomhaireacht | €000 |
|---|---|
| Tionscadal Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 3,647 |
| Tionscadal an Údaráis Rialála Carthanais | 772 |
| Córas athnuachana ceadúnas an Údaráis Slándála Príobháidí | 220 |
| **Iomlán** | **4,639** |

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

## Tionscadal Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

**13.4** Mar chuid de chlár cúnaimh airgeadais na Triúrachta, rinneadh an reachtaíocht féimheachta a bhí ann a leasú leis an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus tugadh isteach socruithe neamh-bhreithiúnacha chun fiacha a ghlanadh agus chun cabhrú le daoine agus le gnóthaí incháilithe dul i ngleic le leibhéil fiachais a bhí ag dul in airde. Ar na forálacha tábhachtacha san Acht bhí seirbhís dócmhainneachta Stáit a bhunú chun cabhrú le daoine a bhfiacha a bhainistiú, agus nósanna imeachta neamh-bhreithiúnacha a bhunú chun fiacha a ghlanadh go deonach. Bunaíodh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (an tSeirbhís) ar an 1 Márta 2013 faoin Acht.

**13.5** Le linn chéim an dréachtaithe den reachtaíocht, thug athbhreithniú tosaigh le fios go mbeadh na nósanna imeachta nua maidir le fiacha a ghlanadh cuibheasach casta, agus chun próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas go mbeadh gá le hiliomad doiciméad reachtúil a thaifead agus a stóráil, chomh maith le rialacha éigeantacha gnó éagsúla a fhorfheidhmiú. I bhfianaise an lín mhóir iarratas lena rabhthas ag súil (thart ar 8,000 in aghaidh na bliana), bhíothas den tuairim go mbeadh córas TF ard-uathoibrithe riachtanach chun iad a láimhseáil go tráthúil agus go héifeachtúil.

**13.6** Níor ullmhaigh an Roinn cás foirmiúil gnó don tionscadal agus níor leag síos buiséad don tionscadal ach oiread. Dúirt an Roinn gur thosaíocht de chuid an Rialtais agus na Triúrachta é go n-osclófaí an tseirbhís a luaithe agus ab fhéidir agus dá bhrí sin go ndearna an Rialtas agus an Coiste Comh-Aireachta ar Riaráistí Morgáiste agus an Triúracht monatóireacht sheachtainiúil air ina gcuid athbhreithnithe rialta. Fágadh faoin Roinn é an tSeirbhís a bhunú, agus thosaigh an Stiúrthóir Ainmnithe ina oifig i mí na Samhna 2012, le linn don dréacht-reachtaíocht a bheith ag gabháil tríd an Oireachtas. Tá sé curtha in iúl ag an Roinn gur bunsprioc inghnóthaithe acu é an tSeirbhís a bhunú i gcomhaontú na Triúrachta. Bhí gá le córas TFC a bheadh ag feidhmiú láithreach chun go mbeifí in ann an tiomantas náisiúnta seo a chomhlíonadh, agus baineadh an méid sin amach in ainneoin brú an-mhór.

**13.7** Dúirt an Roinn gur trátha a dtosaíodh ar an gcóras a fhorbairt in 2012 a thosaigh an príomhanailísí ón Rannán TFC ar an gcéad dréacht de na próisis ghnó, le cruinnithe agus ceardlanna le foireann agus comhairleoirí dlí na Seirbhíse. Go luath in 2013 leanadh den obair forbartha go comhuaineach le bunú foirmiúil na Seirbhíse. Le modheolaíocht Mearfhorbartha Feidhmchlár bhí ar chumas Rannán TFC na Roinne a bheith solúbtha agus freagrúil maidir le riachtanais ghnó a bhíonn ag athrú agus ag éabhlóidiú. Cuireadh tús leis an tionscadal nuair nach raibh an tSeirbhís bunaithe go foirmiúil agus gá leis an reachtaíocht a uasdátú le linn an tionscadail.

**13.8** Chuaigh an córas bainistíochta cáis tosaigh beo i mí Mheán Fómhair 2013 tar éis bhunú na Seirbhíse i mí an Mhárta 2013. Ó shin i leith, rinneadh roinnt uasghráduithe agus feabhsuithe feidhmiúla, agus chuaigh an leagan reatha beo in Eanáir 2016. Go dtí seo, bhí 11 eisiúint don chóras bainistíochta cáis móide roinnt fo-fhorbairtí a thugann breis feidhmiúlachta.

**13.9** D’iarr an tSeirbhís ceadú i Márta 2016 chun dul go dtí an margadh chun córais sheachtracha a aithint a d’fhéadfadh freastal níos fearr ar a riachtanais ghnó agus a chostáil. Le comhaontú ón tSeirbhís, coinníodh siar cinneadh ina leith sin go dtí go mbeadh athbhreithniú seachtrach déanta. Ba é toradh an athbhreithnithe a choimisiúnaigh an Roinn ar an gcóras a bhí ann cheana ná

- go bhfuil bearnaí suntasacha ann fós
- go bhfuil gá ag foireann cáis na Seirbhíse leis an iomarca próiseála de láimh lasmuigh den chóras
- go bhfuil gá ag foireann TF na Roinne leis an iomarca idirghabhálacha de láimh chun an sruthán oibre a chur chun cinn
- nach bhfreastalaíonn an córas ar riachtanais bainistíochta faisnéise agus tuairiscithe na Seirbhíse.

**13.10** San athbhreithniú seachtrach tarraingíodh aird ar dheacrachtaí suntasacha a bhain le bainistíocht tionscadail, lena n-áirítear

- nár léir i gcónaí cérbh iad úinéirí an chórais agus an tionscadail
- d’éirigh cur chuige neamhleanúnacha agus moilleanna as athruithe foirne
- níor aontaíodh cén cur chuige agus sannadh ab fhearr maidir le freagracht as tástáil
- bhí tuairimí éagsúla ann maidir le leibhéal an mhionsonraithe a bheadh ag teastáil do phleananna tionscadail agus doiciméadacht tionscadail eile.

**13.11** Tá an tSeirbhís faoi láthair ag obair ar an doiciméadacht is gá chun iarraidh a eisiúint do thairiscint chun córas bainistíochta cáis ar líne nua a sholáthair.[1] Leis an iarraidh ar thairiscint beifear in ann a fháil amach, bunaithe ar na freagraí, an bhfuil córas in ionad an mhargaidh lena bhféadfaí freastal níos fearr ar riachtanais ghnó seachas acmhainní a úsáid ar mhaithe le forbairt intí na gcóras atá ann cheana féin. Dúirt an Roinn nach indéanta faoi láthair meastachán a thabhairt ar an gcostas a bheadh le córas nua. Fanfaidh an córas atá ann cheana féin in úsáid go dtí go gcuirfear ceann nua — más féidir a leithéid a fháil — i bhfeidhm. Táthar ag súil go dtarlóidh sé seo ag deireadh 2018 nó go luath in 2019.

## Tionscadal an Údaráis Rialála Carthanais

**13.12** Foráiltear san Acht Carthanas 2009 do rialálaí reachtúil náisiúnta neamhspleách d’eagraíochtaí carthanacha a bhunú. Bunaíodh an Rialálaí Carthanas ar an 16 Deireadh Fómhair 2014 i gcomhréir leis an Acht.

**13.13** D’fhorbair Rannán TFC na Roinne córas lena bhféadfadh carthanais clárú agus tuairisciú ar líne agus cuireadh an córas sin chun feidhme nuair a bunaíodh an Rialálaí. Rinneadh an córas seo a fhorbairt a thuilleadh i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2015 chun foirm simplithe a sholáthar do charthanais a bhfuil ‘stádas carthanachta’ acu ó na Coimisinéirí Ioncaim agus le haghaidh tuarascálacha bliantúla. San iomlán tá naoi n-eisiúint den chóras seo arna seachadadh ó 2014 go dtí an eisiúint dheireanach in Aibreán 2017.

**13.14** Cé gur ullmhaíodh anailís ar chás gnó maidir leis an gcóras a fhorbairt, ní raibh aon bhuiséad foirmiúil ann don tionscadal.

1 Feidhmíonn an Grúpa Rialachais TFC sa Roinn le haghaidh rialachas agus monatóireacht tionscadail TFC. Rinneadh ballraíocht an Ghrúpa a leasú chun beirt bhall lasmuigh den Roinn a thabhairt isteach a raibh taithí mhór acu ar bhainistíocht tionscadail TFC.

**13.15** Dúirt an Roinn gur thug na forbairtí tosaigh córas feidhmiúil agus oibríochtúil chun freastal ar éilimh ghnó ach gur measadh go raibh bearnaí i bhfeidhmiúlacht an chórais fhoriomláin bunaithe ar an taithí a fuarthas ón tosú nach raibh coinne leis mar chuid de na riachtanais tosaigh.

**13.16** Dúradh, leis an eolas atá anois aige, gur aithin an Rialálaí deis feidhmchlár seanbhunaithe a fháil a rachadh i ngleic le riachtanais ghnó leasaithe ar bhealach níos éifeachtaí ó thaobh costais de seachas leanúint den fhorbairt intí. Cuirfear ardán digiteach nua anois in áit an chórais, a mbeidh clárú ar líne agus córas tuairiscithe mar chuid de arna sholáthar ag an Rialálaí.

**13.17** Cheadaigh an Grúpa Rialachais TFC don Rialálaí dul go dtí an margadh lena fháil amach an raibh a leithéid indéanta. Chuathas i mbun an phróisis soláthair i gcomhréir le treoirlínte na Roinne agus na hearnála poiblí, agus cheadaigh an Grúpa Rialachais TFC an cás gnó agus rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn an phróisis soláthair freisin. Dúirt an Roinn gur cuireadh próisis láidre bainistíochta tionscadail i bhfeidhm don soláthar agus ndéanfar iad sin a láidriú a thuilleadh don phróiseas cur chun feidhme.

**13.18** Anuas ar an méid sin dúirt an Roinn go bhfuil an t-ardán digiteach nua curtha ar fáil anois agus go dtosófar an próiseas leis an gcóras nua a chur ar siúl sa tríú ráithe de 2017. Dúradh nach bhfuil costáil dheireanach an chórais nua ar fáil go fóill. Óna bhfuil tarlaithe cheana, meastar go mbeidh gá leis na córais atá ann cheana a bheith ag feidhmiú go ceann 12 mhí eile ar a laghad go dtí go gcuirfear an t-ardán nua chun feidhme.

## Córas athnuachana ceadúnas an Údaráis Slándála Príobháidí

**13.19** Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 d'Údarás Slándála Príobháidí a bhunú mar chomhlacht reachtúil le freagracht as an tionscal slándála príobháidí in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil. Bunaíodh an tÚdarás ar an 28 Deireadh Fómhair 2004.

**13.20** Thosaigh an tÚdarás ar chonraitheoirí slándála a cheadúnú in 2006 agus fostaithe cuideachtaí slándála in 2007. Timthriall ceadúnaithe dhá bhliain atá ann — bíonn athnuachan fhormhór na gconraitheoirí dlite sa chéad bhliain den timthriall agus athnuachan fhormhór na bhfostaithe dlite sa dara bliain. Ghin ceadúnú, ioncam de bhreis €3 mhilliún in 2016. Ba é an cuspóir a bhí ann, córas ar líne a fhorbairt chun iarratais ar cheadúnais agus ar athnuachana a phróiseáil.[1]

**13.21** Cé gur ullmhaíodh anailís ar chás gnó maidir leis an gcóras a fhorbairt, ní raibh aon bhuiséad foirmiúil ann don tionscadal, ná struchtúr foirmiúil chun an tionscadal a mhaoirsiú.

**13.22** Críochnaíodh an chéad eisiúint den chóras le haghaidh athnuachana d'fhostaithe i Meitheamh 2016, 12 mhí i ndiaidh thús an tionscadail. San iomlán, seachadadh trí eisiúint den chóras ó 2016. Cuireadh eisiúint chéimnithe an chórais athnuachana do chonraitheoirí ar ceal de bharr moilleanna le tástáil úsáideora den ghné a bhaineann le fostaithe, ach cuireadh é sin chun feidhme in Aibreán 2017.

1 Cuireadh iarratais ar cheadúnais agus ar athnuachan isteach de láimh ar dtús go dtí an tÚdarás. Ar dtús samhlaíodh an tionscadal mar riachtanas chun leaganacha de na foirmeacha láimhe a uathoibriú agus a chur ar líne. Cuireadh tús le foirm iarratais ar líne do dhaoine aonair in 2015.

**13.23** Dúirt an Roinn go raibh formhór na bpróiseas uathoibríoch anois i ndiaidh eisiúint an chórais athnuachana ar líne d'fhostaithe. Bhí áfach roinnt cásanna nár tarraingíodh aird orthu ina raibh gá le hobair thart ar an gcóras ach nach raibh sé in indéanta faoin tráth sin. Lean tréimhse de mhórán cothabhála de láimh d'fhoireann an Údaráis féin agus foireann TFC na Roinne. Rinneadh cinneadh eisiúint na coda sin den athnuachan a bhaineann le conraitheoirí a chur ar ceal agus díriú ar na próisis láimhe seo a dheisiú. Déileáladh leis na fadhbanna ar fad agus cuireadh an córas a bhaineann le conraitheoirí ar fáil don Údarás i an Mhárta 2017.

**13.24** Dúirt an Roinn nár imir na fadhbanna seo tionchar ar fhormhór mór na n-úsáideoirí ar líne ar ar fhreastail an córas de ghnáth. Measann an Roinn go mbeifear in ann an córas a úsáid, leis na nuashonrúcháin chuí, a fhad is a bheidh an córas bainistíochta cáis do cheadúnais atá anois ann i bhfeidhm.

**13.25** Dúirt an Roinn nár cuireadh bord tionscadail ar leith in áit toisc gur samhlaíodh ar dtús é mar thionscadal beag de dhá mhí nó trí mhí a mbeadh scóip theoranta leis nár cheart go mbeadh a oiread sin rialachais ag teastáil chuige. Nuair a d'éirigh deacrachtaí maidir le scóip agus riachtanais, sannadh anailísí gnó/bainisteoir tionscadail chun riachtanais a bhainistiú agus cruinnithe tionscadail rialta a chur ar siúl. D'fhreastail baill foirne ó na leibhéil chuí sa Rannán TFC agus san Údarás ar na cruinnithe seo.

## Conclúidí agus moltaí

**13.26** Bhí roinnt easnamh sna tionscadail seo, a bhí difriúil ó thaobh scála, castachta agus cúlra de, maidir le pleanáil agus maoirseacht mar atá leagtha amach i bhFíor 13.3.

**Fíor 13.3 Pleanáil agus maoirseacht tionscadail**

| Tionscadal | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | An tÚdarás Rialála Carthanais | An tÚdarás Slándála Príobháidí |
|---|---|---|---|
| Ar ullmhaíodh buiséad tionscadail cuimsitheach? | ✗ | ✗ | ✗ |
| Ar ullmhaíodh cás gnó? | ✗ | ✓ | ✓ |
| Ar cuireadh bord tionscadail nó socrú maoirseachta den chineál sin i bhfeidhm? | ✓ | ✓ | ✗ |
| Ar tháinig an bord tionscadail le chéile go rialta? | ✓ | ✓ | N/B |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**13.27** Tá cásanna gnó foirmiúla, ar a bhfuil comhaontú maidir lena bhfuil le forbairt, conas mar atáthar chun é a fhorbairt agus costáil ar gach gné de, riachtanach chun maoirseacht tionscadail a threorú maidir le cé acu an ceart nó nach ceart tionscadal a cheadú lena forbairt. Ullmhaíodh cásanna gnó bunúsacha in dhá chás ach ní i gcás chóras bainistíochta cáis Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann.

### Moladh 13.1

Ba cheart go mbeadh cás gnó, a bhfuil measúnú ceart déanta air, ann do gach tionscadal TFC, rud a comhaontaíodh idir an Roinn agus an t-úsáideoir deiridh. Ba cheart go leagfaí amach sa chás gnó na riachtanais ghnó, modheolaíocht an tionscadail, an cur chuige seachadta atá beartaithe, costáil agus measúnú ar na roghanna, de réir mar is cuí.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Neartaíodh téarmaí tagartha an Ghrúpa Rialachais TFC agus tá córas sreafa oibre do chásanna gnó tionscadal nua tugtha isteach anois. Ní mór cloí anois leis an teimpléad cuimsitheach caighdeánach seo le gach cás gnó a théann go dtí an Grúpa Rialachais. Tagann an Foghrúpa Teicniúil, a bhfuil an saineolas cuí acu (lena n-áirítear ball seachtrach), le chéile go míosúil agus déanann measúnú agus seiceáil ar chásanna gnó do chaiteachas TFC sula ndéanann an Grúpa Rialachais iomlán iad a mheas. Tá rianú uathoibrithe tionscadail á chur i bhfeidhm faoi láthair chun an baol a mhaolú go n-imeofaí ó chásanna atá ceadaithe gan iad a bheith curtha os comhair an Ghrúpa Rialachais lena gceadú.

Tá sé tábhachtach a chur san áireamh áfach sa chomhthéacs seo go gcaithfidh na riachtanais agus an dearadh mionsonraithe a bheith soiléir agus tuiscint iomlán ag na páirtithe leasmhara orthu. Níorbh amhlaidh a bhí i gcás fhorbairtí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann mar bhí an reachtaíocht á dréachtú agus níorbh eol múnla oibríochta beacht an ghnó ag céimeanna luatha na forbartha seo.

**13.28** Is cabhair iad buiséid mhionsonraithe agus réalaíocha maidir le measúnú a dhéanamh an ceart tionscadail a cheadú lena bhforbairt ar an gcéad dul síos. Cumasaítear leo freisin monatóireacht a dhéanamh ar na fíorchostais, ionas go dtarraingítear aird go luath ar aon chostais thar sprioc a d'fhéadfadh tarlú agus go mbíonn bearta leasúcháin indéanta. Dúirt an Roinn gur comhaontaíodh caiteachas réamh-mheasta na gcéimeanna éagsúla de na tionscadail idir Rannán TFC na Roinne agus na gníomhaireachtaí éagsúla. I bhfianaise na gcéimeanna éagsúla agus na riachtanas éabhlóideach, nárbh é an cleachtas ag an am buiséad uileghabhálach sonrach a chur le chéile do na tionscadail seo.

**Moladh 13.2**

Ba cheart go mbeadh buiséid mhionsonraithe ann do gach tionscadal TFC, le costais réamh-mheasta do gach céim den fhorbairt. Ba cheart comparáid rialta a dhéanamh idir caiteachas buiséadaithe agus caiteachas iarbhír agus é sin a chur i láthair an ghrúpa maoirseachta tionscadail ábhartha, in éineacht le míniúcháin ar aon éagsúlachtaí ábharacha.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Cumhdaíonn na córais mionathraithe um cheadú tionscadal agus rianú a forbraíodh le déanaí acmhainneacht fheabhsaithe maidir le tuairisciú tionscadail agus tá gach urraitheoir tionscadail freagrach anois as stádas a dtionscadail a nuashonrú ar an gcóras go míosúil. Leis na nuashonrúcháin seo nótálfar aon imeacht ón gcás gnó a ceadaíodh i réimsí costais nó frámaí ama agus aon tionscadal a mbeidh stádas ómrach nó dearg aige, déanfar é a athbhreithniú ag gach cruinniú den Ghrúpa Rialachais.

Ní ach i gcúinsí an-eisceachtúil a chuirfear tús le tionscadal gan pleanáil buiséadach mionsonraithe a bheith déanta i gcás ina meastar tosaíocht an chórais a bheith criticiúil, mar a bhí i gcás Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann.

**13.29** Bhí roinnt easnamh maidir le rialachas tionscadail le heaspa soiléireachta i gcásanna áirithe maidir le heagrú an tionscadail lena n-áirítear freagrachtaí gach páirtí, ionchais na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus cur chuige i leith dearbhú cáilíochta agus tástála.

**Moladh 13.3**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a cur chuige rialachais i leith tionscadail chasta forbartha TFC a phleanáil agus a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh an córas a fhorbraítear oiriúnach don fheidhm agus go bhfaightear luach ar airgead.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.  Mar atá leagtha amach thuas, tá uasdátú déanta ag an Roinn, trína Ghrúpa Rialachais TFC, ar a chur chuige rialachais i leith tionscadail chasta forbartha TFC a phleanáil agus a bhainistiú.

D’imir an méid a foghlaimíodh ó thionscadail roimhe seo, lena n-áirítear tionscadail Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus an Údaráis Rialála Carthanas, tionchar ar an gcur chuige leasaithe seo.

Cuirfear béim níos mó ar bhainistiú tionscadal aonair a luaithe is a cheadófar iad. Beidh urraitheoir gach tionscadail freagrach as seachadadh a dtionscadail féin agus beidh ar gach bord tionscadail, maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail de mhórscála.  Ní mór do gach bainisteoir tionscadail, tuairisc stádais mhíosúil a thabhairt lena hathbhreithniú ag an nGrúpa Rialachais TFC agus tionscadail a bhfuil stádas ‘ómrach’ nó ‘dearg’ acu, déanfar iad a scrúdú a thuilleadh.

Chun aghaidh a thabhairt ar athbhreithnithe ar thionscadail níos fadtéarmaí, tá próiseas athbhreithnithe iar-fheidhmithe bunaithe ag an nGrúpa Rialachais TFC, nach foláir do thionscadail atá críochnaithe dul tríd ag cruinnithe an Ghrúpa agus torthaí, baint amach bunspriocanna inghnóthaithe, a bhfuil foghlamtha a chur i láthair.